



Family Support Agency



Annual Report Tuarascáil Bhliantúil

2007



**Promoting and  
Supporting Family and  
Community Well-Being**

Ag Cur Chun Cinn agus  
ag Tacú le Folláine an  
Teaghlaigh agus an Phobail



# Contents

<b>1. Chairperson's Statement</b>	<b>4</b>
<b>2. Chief Executive's Report</b>	<b>8</b>
<b>3. Board</b>	<b>12</b>
<b>4. Role and Strategic Priorities</b>	<b>14</b>
4.1 Role	14
4.2 Strategic Priorities	14
<b>5. Work of the Agency in 2007</b>	<b>18</b>
5.1 Progress in 2007	18
5.2 Finance and Accounts	20
5.3 Family and Community Services Resource Centre Programme	20
5.4 Grants for Marriage, Child and Bereavement Counselling Services	26
5.5 Family Mediation Service	28
5.6 Research	36
5.7 Information	38
<b>6. Appendices</b>	<b>44</b>
<b>Appendix 1</b> Board meetings in 2007 and Board Sub-Groups	44
<b>Appendix 2</b> Statutory Functions	46
<b>Appendix 3</b> Organisational Structure and Staffing	50
<b>Appendix 4</b> Premises	54
<b>Appendix 5</b> 2007 Report and Financial Statements	58

# Clár Ábhair

<b>1. Ráiteas an Chathaoirligh</b>	<b>5</b>
<b>2. Tuarascáil an Phríomh-Fheidhmeannaigh</b>	<b>9</b>
<b>3. An Bord</b>	<b>13</b>
<b>4. Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha</b>	<b>15</b>
4.1 Ról	15
4.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha	15
<b>5. Obair na Gníomhaireachta sa Bhliain 2007</b>	<b>19</b>
5.1 Dul chun cinn sa bhliain 2007	19
5.2 Airgeadas agus Cuntais	21
5.3 Clár Lárionad Acmhainne na Seirbhísí Pobail agus Teaghlaigh	21
5.4 Deontais le haghaidh Seirbhísí Comhairlithe Pósta, Leanaí agus Lucht Méala	27
5.5 Seirbhís Eadrána Teaghlaigh	29
5.6 Taighde	37
5.7 Faisnéis	39
<b>6. Aguisíní</b>	<b>45</b>
<b>Aguisín 1</b> Cruinnithe Boird i 2007 agus Fo-Ghrúpaí Boird	45
<b>Aguisín 2</b> Feidhmeanna Reachtúla	47
<b>Aguisín 3</b> Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann	51
<b>Aguisín 4</b> Áitreabh	55
<b>Aguisín 5</b> Tuarascáil 2007 agus Ráitis Airgeadais	59

**As Chairperson of the Family Support Agency, I am delighted to present to the Minister for Social and Family Affairs the Agency's Annual Report for 2007.**

The fifth year of the Agency's existence, activities in 2007 were primarily characterised by the launch and implementation of our new Strategic Plan (2007-2009). The successful outcomes of the Agency's first strategic plan (2004-2006) provided a real impetus to approach the second phase in the organisation's operations with focus and determination. I am very pleased to report that in each of the five priority areas we identified in the new strategic plan, the Agency has recorded substantial progress, and is reaching a wider audience with its continued expansion of services.

Having visited Family Resource Centres throughout the country, I have seen at first hand the high quality of services being provided by them and the contribution they make to the communities in which they operate. Among the notable achievements of the year were the provision of six additional Family Resource Centres, each tailored to servicing the community where they are located, bringing the total number to 106. There has also been an increase in support for counselling organisations around the country in respect of marriage, relationship, child and bereavement counselling services.



# 1

## **Chairperson's Statement** **Ráiteas an Chathaoirligh**





**Mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2007 a chur faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.**

Bhí seoladh agus cur i gcrích an Phlean nua Straitéisigh (2007-2009) ina phríomhthréith d'imeachtaí na Gníomhaireachta atá ann le cúig bliana anois. Chuir na torthaí rathúla a bhí le céad phlean straitéiseach na Gníomhaireachta (2004-2006) fuinneamh ar fáil chun tabhairt faoin dara céim d'oibríochtaí na heagraíochta ar bhealach dírithe agus diongbháilte. Tá an-áthas orm a thuairisciú gur léirigh an Gníomhaireacht dul chun cinn substaintiúil agus go bhfuil sí ag sroichint lucht éisteachta níos leithne leis an leathnú leanúnach seirbhísí, i ngach ceann de na cúig limistéar tosaíochta a d'aithníomar sa phlean nua straitéiseach.

Tar éis dom cuairt a thabhairt ar Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh ar fud na tíre, chonaic mé ar an láthair ardchaighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus an rannchuidiú a thugann siad do na pobail a n-oibríonn siad iontu. I measc éachtaí suntasacha na bliana bhí soláthar sé Lárionad Acmhainne Teaghlaigh breise, gach ceann díobh cóirithe chun freastal ar an bpobal ina bhfuil siad suite agus is é a líon anois 106. Tháinig méadú freisin ar an tacaíocht d'eagraíochtaí comhairlithe ar fud na tíre i ndáil le seirbhísí comhairlithe pósta, caidrimh, leanaí agus lucht méala.

2007 also saw the Agency's Family Mediation Service marking 21 years of operation. During 2007 it has assisted almost 1,500 couples through mediation. With dramatic changes over two decades in both the number and nature of requests for assistance, the Service has admirably illustrated its adaptability, making the necessary adjustments to allow its mediators deal with each type of situation.

Research was a priority area of the Family Support Agency throughout 2007, bolstered by the provision of a technical research support structure. The commissioning of a major review into the Agency's Family Mediation Service took place, and the final report and recommendations of this comprehensive research are expected in early 2009. Grant aid was provided by the Agency for studies into family dynamics and types, as well as family and child contact centres. Other research links with bodies such as Combat Poverty Agency and Crisis Pregnancy Agency continued during the year.

The year also witnessed a fruitful collaborative process with Barnardos, in jointly developing an informative series of booklets, 'Parenting Positively'. This and other successful partnerships throughout 2007 demonstrated the multiple benefits to families arising from a pooling of resources and expertise by organisations in this arena. These experiences bode well

for similar joint ventures involving the Family Support Agency into the future.

A number of other initiatives took place during 2007 which promoted the diverse range of supports provided by the Agency, and these are outlined in detail in this Annual Report.

The achievements of the Family Support Agency in 2007 would not have been possible without the commitment and skilled work of its staff. I wish to pay tribute to everyone at the Agency under the expert leadership of Chief Executive, Pat Bennett, for their continued dedication and commitment to providing quality services for families in need. My sincere thanks and appreciation also goes to my fellow Board members for their ongoing support and wisdom.

Finally, I would like to thank the Minister for Social and Family Affairs, Mary Hanafin T.D., her predecessors, Seamus Brennan T.D. and Martin Cullen T.D., and the officials in the Department for providing the resources to enable us to enhance the services that we support throughout the country.



**Mr. Michael O'Kennedy SC**  
*Chairperson*

Ba é 2007 freisin cothrom bliana 21 bliain thús oibríochtaí Sheirbhís Eadrána Teaghlaigh na Gníomhaireachta. I rith 2007 chabhraigh sí le 1,500 lánúin trí eadráin a dhéanamh. Le hathruithe drámata thar an bhfiche bliain atá imithe, in uimhir agus i nádúr na n-iarratas i gcomhair cúnamh, léirigh an tSeirbhís go fónta a solúbthacht ag déanamh na gceartuithe is gá chun a chur ar chumas na n-eadránaithe déileáil le gach cineál teagmhais.

Limistéar tosaíochta den Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ba ea an Taighde i rith 2007, arna thacú ag strúchtúr tacaíochta taighde theicniúil a cuireadh ar fáil.

Coimisiúnaíodh athbhreithniú mór ar Sheirbhís Eadrána Teaghlaigh na Gníomhaireachta agus tá súil le tuarascáil dheireanach agus moltaí an taighde uileghabhálaigh seo go luath sa bhliain 2009. Chuir an Ghníomhaireacht cabhair dheontais ar fáil le haghaidh staidéar ar dhinimic agus cineálacha teaghlaigh agus lárionaid teagmhála linbh agus teaghlaigh chomh maith. Lean ceangail taighde eile le comhlachtaí mar An Ghníomhaireacht um Bochtaineacht a Chomhrac agus An Ghníomhaireacht Ghéarchéime Toirchis i rith na bliana.

Bhí próiseas torthúil comhoibríthe le Barnardos i mbliana freisin le comhfhorbairt sraith leabhrán faisnéiseach, 'Tuismitheoireacht Dearfa'. Léirigh sé seo agus páirtíochtaí rathúla eile i rith 2007 na hilsochair a chuaigh do theaghlaigh ag eascairt as comhthiomsú na n-acmhainní

agus oilteacht ar thaobh na n-eagraíochtaí san airéine seo. Is maith an mana í an taithí seo do chomhfhiontair chosúla a mbeidh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh páirteach iontu amach anseo.

Bhí roinnt tionscnamh eile ann sa bhliain 2007 a chothaigh an réimse ilghnéitheach tacaíochtaí a sholáthair an Ghníomhaireacht agus tá siad seo leagtha amach go beacht sa tuarascáil bhliantúil seo.

Níorbh fhéidir éachtaí na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh sa bhliain 2007 a chur i gcrích gan tiomantas agus obair oilte na foirne. Ba mhaith liom ómós a thabhairt do gach duine sa Ghníomhaireacht faoi cheannas oilte an PhríomhFheidhmeannaigh, Pádraig Binéid, faoina ndílseacht agus a dtiomantas leanúnach chun seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil do theaghlaigh atá ar an anás. Tá mo bhuíochas agus mo mheas ag dul freisin do mo chomhbhaill Bhoird faoina dtacaíocht agus a gcríonnacht.

Sa deireadh thiar, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le hAire na nGnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, Máire Ní Aibhthín T.D., a réamhtheachtaithe, Séamas Ó Braonáin T.D. agus Máirtín Ó Cuilinn T.D. agus leis na hoifigigh sa Roinn as ucht na hacmhainní a chur ar fáil dúinn a chuir ar ár gcumas na seirbhísí a thacaímid ar fud na tíre a mhéadú.



**An tUasal Micheál Ó Cinnéide CS**  
*Cathaoirleach*

2007 saw the completion of the first year of our three year Strategic Plan 2007-2009. I am pleased to report that on all fronts we have made real progress in the implementation of that Strategy and in so doing fulfilled our role as a key provider, both indirectly through the many communities that provide services at local level and directly through the Family Mediation Service.



In 2007 a further six Centres were added to the Family Resource Programme giving us 106 Family Resource Centres. 2007 also saw the consolidation of Family Resource Centres through the funding of an additional worker in 40 centres. During the year a number of Regional Support Agencies were appointed for the training and support needs of projects for the duration of the National Development Plan 2007-2013.

We were able to increase the number of voluntary organisations whom we support from 541 to 553. These voluntary organisations provide marriage/relationship, child and bereavement counselling in local communities. Funding this year was €9.929m. This represents an increase of 10% in funding compared to 2006.

On the Research side of the Agency grant aid was awarded to the ESRI to undertake a study exploring family figures and





# Chief Executive's Report

## Tuarascáil an Phríomh- Fheidhmeannaigh

Ba é 2007 an chéad bhliain dár bPlean Straitéiseach trí bliana 2007-2009. Tá áthas orm a thuairisciú go ndearnamar fiordhul chun cinn ar gach fronta i gcur i gcrích na straitéise sin agus dá réir sin chomhlíonamar ár gcion feidhme mar phríomhsholáthraí, go hindíreach leis an raidhse pobal a sholáthraíonn seirbhísí ag leibhéal áitiúil agus go díreach leis an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh.

Sa bhliain 2007 cuireadh sé Lárionad bhreise leis an gClár Acmhainne Teaghlaigh agus anois tá 106 Lárionad Acmhainne Teaghlaigh. Buanaíodh na Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh sa bhliain 2007 freisin trí chistiú oibrí bhreise in 40 lárionad. Ceapadh i rith na bliana roinnt Gníomhaireachtaí Tacaíochta Réigiúnacha d'oiliúint agus do riachtanais tacaíochta tionscadal fad a mhairfidh an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.

Bhíomar in ann líon na n-eagraíochtaí deonacha a dtugaimid tacaíocht dóibh a mhéadú ó 541 go 553. Cuireann na heagraíochtaí deonacha seo ar fáil comhairliú pósta/caidrimh, linbh agus báis i bpobail áitiúla. Ba é an cistiú i mbliana ná €9.929m. Is méadú 10% sa chistiú é seo i gcomparáid le 2006.

Maidir le cúrsaí Taighde agus an Gníomhaireacht bronnadh cabhair dheontais ar an ESRI chun staidéar a bheartú ag iniúchadh figiúirí agus treochtaí teaghlaigh. Fuair an eagraíocht Teaghlach

trends. The organisation One Family received grant aid to investigate Family and Child contact centres.

The Family Mediation Service marked 21 years in operation from 1986-2007 with a successful conference in Croke Park launched by Martin Cullen T.D., then Minister for Social and Family Affairs. In 2007 the Family Mediation Service worked with almost 1,500 couples.

On the Information side we agreed to support a Triple Parenting Initiative Pilot Programme in Longford/Westmeath and as a result of collaboration between the Agency and Barnardos we launched a set of 9 booklets aimed at supporting parents of children aged 6 to 12 years.

While the above gives an overview of the key functions of the Agency all of these are underpinned by the work carried out in the Corporate Services section of the Agency. This section's work includes all Human Resource related matters such as recruitment and industrial relations issues together with the Accounts and Payroll system.

These achievements and many others outlined in this report would not have been possible without the support and commitment of many people. I would like to acknowledge the support of the Minister for Social and Family Affairs, Mary Hanafin T.D., and her predecessors, Seamus Brennan T.D. and Martin Cullen T.D. and the officials in the Department.

I thank our Chairperson, Mr. Michael O'Kennedy SC and the Board for their continued and unstinting support for me and all the Agency staff to whom I also extend my sincerest thanks for their dedication and hard work.

To the service providers I would like to thank you once again for your support and huge commitment to your communities. We have a clear Strategic Plan and we are committed to realising the goals outlined in the plan.



**Pat Bennett**

*CEO*

Amháin cabhair dheontais chun lárionaid teagmhála Teaghlaigh agus Linbh a scrúdú.

Tá an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh 21 bliain ag feidhmiú 1986-2007 agus mar chomhartha ar seo bhí comhdháil rathúil i bPáirc an Chrócaigh arna sheoladh ag Máirtín Ó Cuilinn T.D. a bhí mar Aire na nGnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh ag an am. Sa bhliain 2007 phléigh an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh le beagnach 1,500 lánúin.

Ó thaobh na faisnéise de d'aontaíomar tacaíocht a thabhairt do Threoirchlár Thionscnamh na Tréthuismitheoireachta i Longfort agus san Iarmhí agus de bharr an chomhoibríthe idir an Ghníomhaireacht agus Barnardos sheolamar sraith de 9 leabhrán agus é d'aidhm acu tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí leanaí atá idir 6-12 bliain d'aois.

A fhad agus a thugann an méid atá ráite thuas léargas ginearálta ar phríomhfheidhmeanna na Gníomhaireachta tá siad seo go léir tacaíthe ag an obair a dhéantar i roinn na Seirbhísí Corparáideacha den Ghníomhaireacht. Cuimsíonn obair na roinne seo gach ceist a bhaineann le hAcmhainní Daonna cosúil le hearcaíocht, ceisteanna a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch in éineacht leis an gcóras cuntas agus párolla.

Níorbh fhéidir na héachtaí seo agus go leor eile a sonraíodh sa tuarascáil seo a chur i gcrích gan tacaíocht agus tiomantas go leor daoine. Ba mhaith liom tacaíocht Aire na nGnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, Máire Ní Aibhthín T.D., agus a réamhtheachtaithe Séamas Ó Braonáin T.D. agus Máirtín Ó Cuilinn T.D. agus na hoifigigh sa Roinn a admháil.

Gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach, an tUasal Mícheál Ó Cinnéide CS agus leis an mBord as ucht a dtacaíocht leanúnach agus raidhsiúil dom féin agus d'fhoireann uile na Gníomhaireachta lena ngabhaim fíorbhuíochas as ucht a dtiomantais agus a n-obair chrua.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libhse, na soláthraithe seirbhíse, as an tacaíocht agus an tiomantas mór a thug sibh do bhur bpobail. Tá Plean soiléir Straitéiseach againn agus táimid ceangailte chun na spriocanna atá sonraithe sa phlean a chur i gcrích.



**Pádraig Binéid**

POF

## Chairperson



**Mr. Michael O'Kennedy**  
Senior Counsel

The Board of the Family Support Agency is appointed by the Minister for Social and Family Affairs. The members appointed have expertise and experience in the fields of family and community services, counselling, family mediation, research and family law.

# 3

## Board Bord

## Members



**Ms. Clare Cashman**  
Project Co-Ordinator,  
Millennium Resource  
Centre, Ballingarry,  
Co. Tipperary



**Ms. Paddie Connellan**  
Member of Prison  
Visiting Committee,  
Nurse, Aromatherapist  
and Reflexologist



**Senator Maria Corrigan**  
Psychologist and  
Member of Dun  
Laoghaire-Rathdown  
County Council



**Mr. Geoffrey Corry**  
Staff Representative



**Ms. Helen Faughnan**  
Department of Social  
and Family Affairs



**Ms. Angela Gaule**  
Consultant Mediator  
and Member of the  
Mediators Institute  
of Ireland



**Ms. Rita Hayes**  
Member of the Prison  
Visiting Committee,  
Involved in Bereavement  
Counselling



**Mr. Dick Hickey**  
Director St. Brigid's  
Family Resource Centre,  
Waterford



**Dr. Colm O'Connor**  
Clinical Psychologist  
and Director of Cork  
Marriage Counselling  
Centre



**Ms. Bríd Rocks**  
Principal, Scoil Ui Mhuiri,  
Dunleer, Co. Louth  
Dip. Counselling and  
Psychotherapy



**Ms. Muriel Walls**  
Solicitor and family  
law specialist


See Appendix 1 for details of Board meetings in 2007 and for details of Board Sub-Groups.

## Cathaoirleach



**Mr. Michael O'Kennedy**  
Comhairle Shinsearach

Tá Bord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh ceaptha ag Aire na nGnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh. Tá oilteacht agus taithí ag na baill cheaptha i réimsí na seirbhísí teaghlaigh agus pobail, an chomhairlithe, na headrána teaghlaigh, an taighde agus an dlí theaghlaigh.



## Baill



**Ms. Clare Cashman**  
Comhordaitheoir tionscnaimh  
Lárionad acmhainne na  
Mílaoise, Baile an Gharraí  
Co. Thiobraid Arann



**Ms. Paddie Connellan**  
Ball de Choiste Chuarite na  
bPríosún, Cumhatheireapóir  
agus Reifléacsceolaí



**An Seanadóir  
Maria Corrigan**  
Siceolaí agus Ball de  
Chomhairle Contae Dhún  
Laoghaire/Rath Dhúin



**Mr. Geoffrey Corry**  
Ionadaí Foirne



**Ms. Helen Faughnan**  
Roinn na nGnóthaí  
Sóisialta agus Teaghlaigh



**Ms. Angela Gaule**  
Eadránaí Comhairleach  
agus Ball Institiúid na  
nEadránaithe Éireann



**Ms. Rita Hayes**  
Ball de Choiste Chuarite  
na bPríosún, Páirteach sa  
Chomhairliú Báis



**Mr. Dick Hickey**  
Stiúrthóir Lárionad  
Acmhainne Teaghlaigh,  
Port Láirge



**Dr. Colm O'Connor**  
Siceolaí Cliniciúil agus  
Stiúrthóir Lárionad  
Chomhairlithe Pósta  
Chorcaí



**Ms. Bríd Rocks**  
Príomhoide, Scoil Uí Mhuirí,  
Dún Laoir, Co. Lú, Dip. sa  
Chomhairliú agus sa  
tSíciteiripe



**Ms. Muriel Walls**  
Aturnae agus  
Speisialtóir sa  
Dlí Teaghlaigh

Féach Agúisín 1 do mhionsonraí faoi chruinnithe Boird sa bhliain 2007 agus do mhionsonraí faoi FhoGhrúpaí Boird.

## 4.1 Role

The Family Support Agency, established on the 6th of May 2003, has a statutory role in relation to support services for families and family policy. The Agency's functions, as prescribed in the Family Support Agency Act, 2001, are set out in Appendix 2.

## 4.2 Strategic Priorities

The Family Support Agency's second Strategic Plan, which was developed in consultation with its stakeholders, sets out five Strategic Priorities for the Agency over the 3 years from 2007 to 2009.

**Strategic Priority 1: Support and strengthen families through the delivery of high quality support services in the form of a network of Family Resource Centres, a range of grant supported counselling services, and a family mediation service.**

**Strategic Priority 2: Foster a supportive community environment for families in partnership with the community, voluntary and statutory sectors.**

**Strategic Priority 3: Contribute to the effectiveness of family policy and services by undertaking or commissioning research into matters related to the Agency's functions or such other matters as the Minister may request.**

4

# Role and Strategic Priorities

Ról agus Tosaíochtai Straitéiseacha





## 4.1 Ról

Tá ról reachtúil i ndáil le seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh agus polasaí teaghlaigh ag an Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a bunaíodh ar an 6ú Bealtaine 2003. Tá feidhmeanna na Gníomhaireachta mar a forordaíodh san Acht fán nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh 2001, leagtha amach in Aguisín 2.

## 4.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha

Leagann an dara Plean Straitéiseach den Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, a forbraíodh i gcomhairle leis na geallchoimeádaithe, amach cúig Thosaíocht Straitéiseacha in imeacht na dtrí bliana ó 2007 go 2009.

**Tosaíocht Straitéiseach 1: Teaghlaigh a thacú agus a neartú trí sheirbhísí tacaíochta d'ardchaighdeán a sholáthar i bhfoirm mogalra de Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh, réimse de sheirbhísí comhairlithe tacaithe ag deontais, agus seirbhís eadrána teaghlaigh.**

**Tosaíocht Straitéiseach 2: Timpeallacht thacúil phobail a chothú do theaghlaigh i bpáirtíocht leis na rannóga pobail, deonacha agus reachtúla.**

**Tosaíocht Straitéiseach 3: Cur le héifeacht an pholasaí teaghlaigh agus seirbhísí trí thaighde a bheartú nó a choimisiúnú ar cheisteanna a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta nó ceisteanna eile dá sórt faoi mar a iarann an tAire.**

**Strategic Priority 4: Promote the Family Support Agency as a key provider of support services and related information for families in Ireland.**

**Strategic Priority 5: Develop an effective, adaptable and capable organisation with a culture of pride, innovation and performance, which fosters participation, personal and career development at all levels.**

Section 5 sets out progress across the 5 Strategic Priorities in 2007.

**Tosaíocht Straitéiseach 4: An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a chothú mar phríomhsholáthraí na seirbhísí tacaíochta agus faisnéis a bhaineann le hábhar do theaghlaigh in Éirinn.**

**Tosaíocht Straitéiseach 5: Eagraíocht éifeachtach, sholúbtha agus chumasach a fhorbairt le cultúr mórtais, nuála agus comhaill, a chothaíonn rannpháirtíocht, an fhorbairt phearsanta agus ghairm bheatha ag gach leibhéal.**

Leagann Roinn 5 amach an dul chun cinn trasna na gcúig Thosaíocht Straitéiseacha sa bhliain 2007.

## 5.1 Progress in 2007

In 2007, the Family Support Agency continued to develop its organisation structure in line with the priorities set out in the Agency's 2007-2009 Strategic Plan. Also, throughout 2007 the Agency continued the process of building and enhancing relationships with its stakeholders to ensure the delivery of high quality services for families.

The Agency's achievements in 2007 include:

- Provision of a direct family mediation service to almost 1,500 couples nationwide
- Funding to 553 voluntary and community organisations providing counselling services
- Funding to 106 Family Resource Centres
- Agency's Accounts System implemented and operating from January 2007
- Agency's Payroll implemented and operating from January 2007
- Phase 1 of Internal Audit Plan completed – Review of Internal Financial Controls
- Relocation of 2 FMS Centres – Dundalk and Raheny





## Work of the Agency in 2007

### Obair na Gníomhaireachta sa bhliain 2007



#### 5.1 Dul chun cinn sa bhliain 2007

Sa bhliain 2007 lean an Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh chun a struchtúr eagraíochta a fhorbairt ag teacht leis na tosaíochtaí a leagadh amach i bPlean Straitéiseach na Gníomhaireachta 2007-2009. I rith 2007 freisin lean an Gníomhaireacht le próiseas tógála agus méadaithe na gcaidreamh lena geallchoimeádaithe le soláthar seirbhísí d'ardchaighdeán do na teaghlaigh a chinntiú.

Áirítear i measc éachtaí na Gníomhaireachta i 2007:

- Soláthar seirbhís dhíreach eadrána teaghlaigh do bheagnach 1,500 lanuin ar fud na tíre
- Cistiú 553 eagraíocht dheonach agus pobail ag soláthar seirbhísí comhairlithe
- Cistiú 106 Lárionad Acmhainne Teaghlaigh
- Córas cuntas na Gníomhaireachta curtha i bhfeidhm agus ag obair ó Eanáir 2007
- Párolla na Gníomhaireachta curtha i bhfeidhm agus ag obair ó Eanáir 2007
- Céim 1 den Phlean Iniúchta Inmheánach comhlánaithe – Athbhreithniú ar Rialála Airgeadais Inmheánacha
- Athlonnú dhá Lárionad FMS – Dún Dealgan agus Ráth Eanaigh

- Direct recruitment of staff to the Agency, 12 open competitions
- Grant aid awarded to two research projects under the Agency's Call for Research
- Successful conference in Croke Park to mark 21 years in operation of the Family Mediation Service
- Commissioning of a major review into the Agency's Family Mediation Service
- Collaboration with Barnardos to develop 'Parenting Positively' series of booklets for parents of children aged 6 to 12 years

These achievements required ongoing commitment from the Board and staff of the Agency and regular consultation with the Agency's stakeholders.

The Family Support Agency wishes to acknowledge the continued support of the Department of Social and Family Affairs.

The Family Support Agency's organisational structure and staffing in 2007 are detailed in Appendix 3. The Agency's 16 premises throughout the country are listed in Appendix 4.

## 5.2 Finance and Accounts

The Family Support Agency's expenditure in 2007 was €33.26m. This allowed for the continuation and development of the

family support services for which the Agency has responsibility.

The Agency's Accounts and Financial Statement for 2007 are at Appendix 5.



*Corporate Services: Niamh Egan EO, Ann O'Riordan HEO, Bill O'Dea AP, Deirdre Fradl HEO, Michael Hanrahan CO.*

## 5.3 The Family and Community Services Resource Centre Programme

The Family Support Agency has a responsibility to support, promote and develop the Family and Community Services Resource Centre Programme.

### Policy Priorities

The main aim of the Family and Community Services Resource Centre Programme is to help combat disadvantage by improving the function of the family unit. It emphasises the involvement of local communities in developing approaches to tackle problems and in creating successful partnerships

- Earcaíocht dhíreach foirne ar an nGníomhaireacht, 12 comórtas oscailte
- Cabhair dheontais bronnta ar dhá thionscadal taighde faoi Ghairm na Gníomhaireachta i gcomhair Taighde
- Comhdháil rathúil i bPáirc an Chrócaigh chun an 21 bliain d'fheidhmiú na Seirbhíse Eadrána Teaghlaigh a chomharthú
- Coimisiúnú athbheithnithe mhóir ar Sheirbhís Eadrána Teaghlaigh na Gníomhaireachta
- Comhoibriú le Barnados chun an tsraith leabhrán 'Tuismitheoireacht Dearfa' a fhorbairt do thuismitheoirí leanaí atá idir 6 agus 12 bliain

Theastaigh tiomantas leanúnach ón mBord agus ó fhoireann na Gníomhaireachta agus comhairle rialta le geallchoimeádaithe na Gníomhaireachta chun na héachtaí seo a chur i gcrích.

Ba mhaith leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh tacaíocht leanúnach Roinn na nGnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh a admháil.

Tá struchtúr eagraíochtúil agus foireann na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh 2007 sonraithe in Aguisín 3. Tá 16 áitreabh na Gníomhaireachta ar fud na tíre liostáilte in Aguisín 4.

## 5.2 Airgeadas agus Cuntais

Ba é caiteachas na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh sa bhliain 2007

€33.26m. Lamháil sé seo do leanúint agus forbairt na seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a bhfuil an Gníomhaireacht freagrach astu.

Tá Cuntais agus Ráiteas Airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain 2007 in Aguisín 5.



*Seirbhísí Corparáideacha: Niamh Egan EO, Ann O'Riordan HEO, Bill O'Dea AP, Deirdre Fradl HEO, Michael Hanrahan CO.*

## 5.3 Clár an Lárionaid Acmhainne Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail

Tá de fhreagracht ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh Clár an Lárionaid Acmhainne Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail a thacú, a chothú agus a fhorbairt.

### Tosaíochtaí Polasaí

Is í príomhaidhm Chlár an Lárionaid Acmhainne Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail cuidiú chun an míbhuntáiste a chomhrac trí fheidhm an aonad teaghlaigh a fheabhsú. Leagann sé béim ar rannpháirtíocht na bpobal áitiúil agus iad ag forbairt teachta i láthair chun dul i ngleic le fadhbanna agus

between the voluntary and statutory agencies in their areas. Family Resource Centres operate from community development practices and principles and involve people from marginalised and vulnerable groups and areas of disadvantage at all levels in the project.

### Services and Activities


The services provided and activities supported by the resource centres are designed to meet local community needs. They uphold the community development ethos and the principle of inclusiveness, both central to the values of the Family Support Agency:

- Information, advice and support to target groups and families in the area.
- Practical assistance to community groups such as training, information and advice.
- Education courses and training opportunities.
- Child-care facilities for those attending courses provided by the project.
- Initiatives to enhance the role of young fathers in the lives of their children.
- Involvement of men in the life of the community.

- Lone Parents Groups.
- Women's groups.
- The use of local centres to act as a meeting point for various groups and services e.g. C.I.C., MABS, AA, residents meetings etc.
- After-school clubs.

### Core Funded Centres

Since the Agency gained responsibility for the Programme in 2003, the number of core funded centres has increased from 63 to 106 in 2007.



In addition 2007 saw the consolidation of Family Resource Centres through the NDP funding of additional workers in 40 centres.

### Funding

Support for the development of the FRC programme is being provided under the National Development Plan 2007-2013.

ag cruthú páirtíochtaí rathúla idir na gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla ina limistéir. Feidhmíonn Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh de réir cleachtaí agus prionsabail forbartha pobail agus bíonn daoine ó ghrúpaí imeallaithe agus leochaileacha agus ó limistéir mhíbhuntáiste páirteach ag gach leibhéal sa tionscadal.

### Seirbhísí agus Imeachtaí


Tá na seirbhísí a sholáthraíonn agus na himeachtaí a thacaíonn na lárionaid acmhainne deartha chun freastal ar riachtanais an phobail. Seasann siad le sprid forbartha an phobail agus le prionsabal na cuimsitheachta ar cuid lárnach iad de luachanna na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh:

- Faisnéis, comhairle agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí sprice sa limistéar.
- Cúnamh praiticiúil do ghrúpaí pobail cosúil le hoiliúint, faisnéis agus comhairle.
- Cúrsaí oideachais agus deiseanna oiliúna.
- Áiseanna cúraim linbh dóibh siúd atá ag freastal ar chúrsaí a sholáthraíonn an tionscadal.
- Tionscnaimh chun ról na n-aithreacha óga i saol a gclainne a mhéadú.
- Rannpháirtíocht na bhfear i saol an phobail.

- Grúpaí na dTuismitheoirí Aonair.
- Grúpaí Ban.
- Feidhmiú na lárionad áitiúil mar ionad cruinnithe do ghrúpaí agus seirbhísí éagsúla m.sh. C.I.C., MABS, AA, cruinnithe cónaitheoirí etc.
- Clubanna tar éis na scoile.

### Lárionaid Bunchistithe

Ó fuair an Gníomhaireacht freagracht as an gClár sa bhliain 2003, mhéadaigh ar líon na lárionad bunchistithe ó 63 go 106 sa bhliain 2007.




De bhreis air sin buanaíodh na Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh trí chistiú na n-oibríthe breise i 40 lárionad don TFN.

### Cistiú

Tá an tacaíocht d'fhorbairt an chláir LAT á soláthar faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Mhéadaigh ar an gcistiú don chlár le €18.43m caite sa bhliain 2007.

The funding for the Programme has increased with €18.43m spent in 2007.



### Networking

The Agency encourages networking among Family Resource Centres at a regional and national level. To encourage and strengthen such networking, €56,560 was allocated to the Family Resource Centre (FRC) National Forum in 2007. The Agency also held quarterly meetings with the Family Resource Centre National Forum.

### Evaluation

A report based on information provided for 2006 and 2007 by Family Resource Centres using SPEAK (Strategic Planning and Self-evaluation System) is being compiled at present. Information provided through SPEAK from each Family Resource Centre is collated into a national programme database, creating a database of enormous potential to understand the

full programme and its impacts, and most importantly to influence the direction of the programme and related areas of policy and practice.


Training and refresher training on the SPEAK evaluation model is continuing for new and established groups in the Programme.

### Support Agencies/Specialist Support Agencies

Following a tendering process in 2007 for the Training and Support Needs of projects in the Programme, a number of Regional Support Agencies were appointed for the duration of the NDP 2007-2013. A number of Specialist Support Agencies are also contracted by the Agency to provide support and advice to projects and to promote good practice.



*FRC Section (left to right): Ann Butler EO, Siobhan Kennedy CO, Rita Fitzsimons HEO, Christina O'Connor AP, Imelda Martin EO.*



### Líonrú

Spreagann an Ghníomhaireacht an líonrú i measc na Lárionad Acmhainne Teaghlaigh ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta. Chun líonrú dá shórt a spreagadh agus a neartú, dáileadh €56,560 ar Fhóram Náisiúnta an Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh (LAT) sa bhliain 2007. Thionóil an Ghníomhaireacht cruinnithe ceatharbhlíantúla le Fóram Náisiúnta an Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh.

### Luacháil

Tá tuarascáil atá bunaithe ar fhaisnéis a sholáthair Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh don bhliain 2006 agus 2007 ag feidhmiú SPEAK (Pleanáil Straitéiseach agus Córas Féin-luachála) á tiomsú faoi láthair. Tiomsaítear isteach sa chlár náisiúnta bunachar sonraí faisnéis a chuireann SPEAK ar fáil ó gach Lárionad Acmhainne Teaghlaigh ag cruthú bunachar sonraí a bhfuil acmhainn mhór aige chun an clár uile agus a éifeachtaí a thuiscint agus rud is tábhachtaí fós anáil a chur faoi threo an

chláir agus limistéir ghaolmhara an pholasaí agus an chleachta.

Tá oiliúint agus úroiliúint faoi mhúnla luachála SPEAK ag dul ar aghaidh go leanúnach do ghrúpaí nua agus bunaithe sa chlár.

### Gníomhaireachtaí Tacaíochta/ Gníomhaireachtaí Tacaíochta Speisialta

I ndiaidh próiseas tairisceana sa bhliain 2007 d'Oiliúint agus do Riachtanais Tacaíochta na dtionscadal sa Chlár ceapadh roinnt Gníomhaireachtaí Tacaíochta Réigiúnacha fad a mhairfidh an PFN 2007-2013. Conraíonn an Ghníomhaireacht freisin roinnt Gníomhaireachtaí Tacaíochta Speisialta chun tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do thionscadail agus chun an dea-chleachtadh a chothú.



*Rannóg LAT (clé go deas): Ann Butler EO, Siobhan Kennedy CO, Rita Fitzsimons HEO, Christina O'Connor AP, Imelda Martin EO.*

## 5.4 Grants for Marriage, Child and Bereavement Counselling Services

The Family Support Agency administers the Scheme of Grants to Voluntary Organisations providing Marriage, Child and Bereavement Counselling Services. The Agency has a responsibility to support, promote and develop the provision of marriage and relationship counselling, marriage preparation and family support services.

During 2007 a total of €9.929m was spent on the Scheme of Grants which represented an increase of 10% compared to 2006. €25,000 was also allocated for networking between these counselling organisations.

### Allocation of funding

A total of 569 applications were received from organisations seeking grant funding of which 553 were approved for payment (541 were approved for payment in 2006). 71 of these organisations were applying for grant funding for the first time.

### Priorities governing funding allocations

- The continued financial support of established major providers of services so that they can continue to provide and develop their services.
- Supporting the establishment of a regional network of family support


services by investing in locally based service providers in key areas throughout the country.

- An emphasis on supporting service providers in disadvantaged communities.

### Breakdown of funding

The breakdown of the overall allocation of the funding to the different services is as follows:

Grant Category	Funding Amount
Marriage Counselling	€5.692m
Marriage Preparation	€0.842m
Child Counselling	€1.345m
Bereavement	€2.050m



- Marriage Counselling
- Child Counselling
- Bereavement Counselling
- Marriage Preparation

### Governance

Some 57 organisations throughout the country were visited in 2007 to verify the validity of the application and to ascertain

## 5.4 Deontais le haghaidh Seirbhísí Comhairlithe Pósta, Leanaí agus Lucht Méala

Riarann an Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh Scéim na nDeontas d'Eagraíochtaí Deonacha a chuireann Seirbhísí Comhairlithe Pósta, Leanaí agus Lucht Méala ar fáil. Tá de fhreagracht ar an nGníomhaireacht comhairle a sholáthar maidir le pósadh agus caidreamh, ullmhú don phósadh agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a chothú agus a fhorbairt.

I rith 2007 bhí €9.929m caite ar Scéim na nDeontas agus ba mhéadú 10% é seo i gcomparáid le 2006. Dáileadh €25,000 ar líonrú idir na heagraíochtaí comhairlithe seo.

### Dáileadh an chistithe

Fuarthas 569 iarratas san iomlán ó eagraíochtaí ag lorg cistiú deontais agus ceadaíodh 553 díobh i gcomhair íocaíochta (ceadaíodh 541 i gcomhair íocaíochta sa bhliain 2006). Bhí 71 de na heagraíochtaí seo ag cur isteach ar chistiú deontais den chéad uair.

### Tosaíochtaí a rialaíonn dáileadh an chistithe

- An tacaíocht leanúnach airgeadais a thabhairt do na príomhsholáthraithe bunaidh seirbhísí le go mbeidh siad in ann leanúint ar aghaidh chun a seirbhísí a chur ar fáil agus a fhorbairt.
- Tacaíocht a thabhairt do bhunú mogalra réigiúnach de sheirbhísí


tacaíochta teaghlaigh trí infheistiú i soláthraithe seirbhíse atá bunaithe go háitiúil in eochairlimistéir ar fud na tíre.

- Béim a chur ar thacaíocht a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse i bpobail mhíbhuntáiste.

### Miondealú an chistithe

Is mar a leanas atá miondealú dáileadh iomlán an chistithe ar na seirbhísí éagsúla:

Catagóir Deontais	Méid an Chistithe
Comhairliú Pósta	€5.692m
Ullmhú Pósta	€0.842m
Comhairliú Linbh	€1.345m
Bás	€2.050m



- Comhairliú Pósta
- Comhairliú Linbh
- Bás
- Ullmhú Pósta

### Rialúchán

Tugadh cuairt ar 57 eagraíocht éigean sa bhliain 2007 chun bailíocht an iarratais a dheimhniú agus chun méid agus mianach na seirbhíse a fháil amach. Ar an iomlán fuarthas

the extent and quality of the service. Overall the standard of services provided by these organisations was found to be satisfactory.

These visits also facilitate the development of a network of contacts to feed-back views to the Family Support Agency on the future development of services.

### Review of the Scheme of Grants for Marriage, Child and Bereavement Counselling Services

The recommendations of the Review of the Grant Scheme for Voluntary Organisations providing Marriage, Child and Bereavement Counselling Services were examined and their implementation commenced with the introduction of a short application form for voluntary organisations providing Bereavement Support.

### 5.5 Family Mediation Service

The Family Support Agency also has responsibility for the Family Mediation Service, a free, professional and confidential service for couples, married and non-married, who have decided to separate or divorce and who together want to negotiate the terms of their separation or divorce with the help of a trained mediator. The Family Mediation Service is also available for individuals who have never lived together but may have a child to parent and wish to come

to mediation to negotiate parenting and contact arrangements; it is also available for same-sex couples who are separating. Mediation can also assist in other family issues such as grandparent access to grandchildren post separation, and issues around children in care between natural parents and foster parents.

Family mediation assists separating couples to look at the resources and options open to them and to reach an agreement that meets the needs and interests of both and the needs and interests of their children.



*At the opening of a new Family Mediation Service Office in Raheny, Dublin: Polly Phillimore, Service Manager; Fiona McAuslan, Mediator; Sheila Healy, Area-Co-ordinator; Mr. Michael O'Kennedy SC, FSA Chairperson and Mairin Ui Fhaolain, CO.*

### The Process of Mediation

When the clients arrive at a Family Mediation centre they are seen together by their mediator. The mediator explains that in this process:

amach go raibh caighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn na heagraíochtaí seo sásúil.

Éascaíonn na cuairteanna seo freisin forbairt mogalra de theagmhálacha chun tuairimí a aischothú chuig an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh maidir le forbairt na seirbhísí sa toadhcháí.

### Athbhreithniú Scéim na nDeontas do Sheirbhísí Comhairlithe Pósta, Linbh agus Báis

Scrúdaíodh moltaí Athbhreithnithe Scéim na nDeontas d'Eagraíochtaí Deonacha a sholáthraíonn Seirbhísí Comhairlithe Pósta, Linbh agus Báis agus tosaíodh ar iad a chur i gcrích le tabhairt isteach foirm ghearr iarratas d'eagraíochtaí deonacha a sholáthraíonn Tacaíocht maidir leis an mBás.

## 5.5 An tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh

Tá an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh freagrach freisin as an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh, seirbhís saor in aisce phrofisiúnta agus rúnda do lánúineacha idir phósta agus neamhphósta a bhfuil beartaithe acu scaradh nó colscaradh a dhéanamh agus a dteastaíonn uathu téarmaí an scartha nó an cholscartha a phlé le cabhair eadránaí oilte. Tá an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh infhaighte freisin do dhaoine nár chónaigh le chéile riamh ach a ráineodh go mbeadh leanbh ag tuismitheoir amháin díobh agus a dteastaíonn uathu dul chun eadrána chun socruithe teagmhála agus tuismitheoireachta a phlé; tá an

tseirbhís ar fáil freisin do lánúineacha aonghnéis atá ag scaradh. Is féidir leis an eadráin cabhair a thabhairt maidir le ceisteanna eile teaghlaigh cosúil le fáil na seantuismitheoirí ar chlann clainne i ndiaidh scartha agus ceisteanna a bhaineann le páistí i gcúram idir tuismitheoirí nádúrtha agus tuismitheoirí altrama.

Cabhraíonn an eadráin teaghlaigh le lánúineacha atá ag scaradh chun breathnú ar na hacmhainní agus na roghanna atá ar fáil dóibh chun teacht ar shocrú a fhreastlaíonn ar riachtanais agus suimeanna na beirte agus ar riachtanais agus suimeanna na bpáistí.



Ag oscailt Oifig nua Seirbhíse Eadrána Teaghlaigh i Ráth Eanaigh, Baile Átha Cliath: Polly Phillimore, Bainisteoir Seirbhíse; Fiona McAuslan, Eadránaí; Sheila Healy, Comhordaitheoir Limistéir; Mr Michael O'Kennedy SC, FSA Chairperson and Mairin Uí Fhaolain, CO.

### Próiseas na hEadrána

Nuair a ráiníonn na cliaint lárionad Eadrána Teaghlaigh labhraíonn an t-eadránaí leo le chéile. Míníonn an t-eadránaí maidir leis an bpróiseas seo:

- the clients are the decision makers
- the mediator's role is to facilitate their discussions and to manage their negotiations
- the mediator is neither a counsellor nor a legal adviser
- Assets – how will the assets be divided?
- Debts – how will they manage debts and other outgoings?
- Contents of the family home – how will the contents be allocated?

At this initial session the mediator hears why the clients have opted for mediation, what their expectations are from mediation and what issues they need to discuss in order to reach agreement. The clients then create their own agenda of issues for negotiation.

#### Issues for family mediation frequently include:

- The family home – where will each person live and where will the children live?
- Other jointly owned property – how will this be divided?
- Parenting – how will the children spend time with each of their parents and how will the parents communicate about their children?
- Financial support – will support be paid for one or other party and the children and how much will each person have to live on?
- Pensions – what entitlements are there and how will they be distributed?

Having set the agenda the parties provide information on their future financial requirements. They substantiate their income and earnings – where property is involved it may be necessary to obtain a valuation. Financial advice may need to be sought if there are complicated financial issues or company valuations, as well as the value and benefits of any pension scheme. If the parties have not already sought legal advice, they may need to do so in the course of mediation.

When the parties have reached agreement on the above issues, the mediator draws up a Note of Mediated Agreement. The clients can then take the Note of Mediated Agreement to their respective solicitors to be drawn up into a legal Deed of Separation. Family mediation can take anything from two to six sessions to complete depending on the level of communication between the parties and the complexity of the issues involved. At the end of the process couples with children are invited to bring them along to explain the future arrangements agreed so that children are reassured that both

- Gurb iad na cliaint a dhéanann na cinntí
- Gurb é ról an eadránaí a gcuid plé a éascú agus a gcuid caibidlíochta a bhainistiú
- Nach comhairleoir nó moltóir dleathach é an t-eadránaí

Ag an seisiún tosaigh seo cloiseann an t-eadránaí an fáth gur roghnaigh na cliaint an eadráin, a bhfuil siad ag coinne leis ón eadráin agus na ceisteanna is gá leo a phlé d'fhonn teacht ar shocrú. Cruthaíonn na cliaint ansin a gclár ábhair ceisteanna féin atá le plé.

### Áirítear go minic ar na ceisteanna eadrána teaghlaigh:

- Teach an teaghlaigh – cá gcónóidh gach duine agus cá gcónóidh na páistí?
- Sealúchas eile a shealbhaítear i gcomhpháirt – cén chaoi a roinnfear seo?
